# Splanc

## 2019-2020

## Caibidil 2




©Maria_Janus/Shutterstock.com

Gael Linn

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Gaillimh abú!



©MiloszMaslankaShutterstock.com

Dar le *Lonely Planet*, is í Gaillimh an chathair is tarraingtí in Éirinn. Ainmníodh í sa cheathrú háit i measc mórchathracha an domhain do thurasóirí don bhliain 2020. Nach tráthúil an gradam é seo do Ghaillimh agus í mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa.

Tar éis ocht mí dhéag de chonspóid, d'fhadhbanna airgeadais agus aimsire (stoirm Chiara!) cuireadh tús leis an gceiliúradh! Déanfar cuairteoirí a mhealladh chun na cathrach le mórthaibhsiú sráide, le healaíon bheo agus digiteach – mar aon le ceol, damhsa agus drámaíocht. Gaillimh 2020 abú!

**mórthaibhsiú** *spectacle*

**Cuir isteach an focal/nath cuí sna bearnaí thíos!**

*conspóid*   *is tarraingtí*   *a mhealladh*   *i measc*   *gradam*

**1 Is í Gaillimh an chathair __________ in Éirinn, dar le *Lonely Planet*.**

**2 Tharla fadhbanna agus __________ le heagrú Gaillimh 2020 ón tús. Mar sin, nárbh iontach go bhfuair Gaillimh an __________ seo chun daoine __________ chun na cathrach sin.**

**3 __________ na ngníomaíochtaí a bheidh ar siúl beidh ceol, damhsa agus drámaíocht den scoth.**



**Dúirt mé le mo chailín gur tharraing sí a malaí ró-ard ar a haghaidh. D'fhéach sí orm le hiontas!**



# Logainm suimiúil!

Tá áit i nDún nan Gall ar a dtugtar Ard na gCeapairí. Ba nós ag daoine fadó beithígh a thabairt suas go talamh ard i rith an tsamhraidh agus fanacht thuas leo. Bhuaileadh cuid de na daoine le chéile chun ceapairí a ithe ag an áit ar a dtugtar Ard na gCeapairí anois.

**beithígh = eallach** *cattle*
**buachailleacht** *herding*

**Aimsígí focal / nath ar aon bhrí leo seo!**

*béas*   *cas ar*   *Tír Chonaill*   *roinnt*   *glaoitear*

**féach lgh ranga**
**freagraí, tascanna, crosfhocail**

© Gael Linn

# Córas iompair rathúil

Ar oíche chinn bhliana 2008 d'íoc Garrett Camp agus a chairde $800 le tiománaí príobháideach chun iad a thabhairt chuig cóisir. Cheap siad go raibh an praghas ró-ard agus tháinig siad ar smaoineamh le córas iompair inacmhainne a chur ar fáil do dhaoine.

Ba é *Uber* an t-ainm a thug siad ar an gcomhlacht nua a bhunaigh siad. D'fhéadfadh gnáth-dhuine daoine eile a thiomáint ó áit go háit ina charr féin. Ní raibh ag teastáil ach aip *Uber* chun socrú éasca a dhéanamh idir an tiománaí agus an paisinéir

Tá ag éirí go hiontach le *Uber* agus tá taighde á dhéanamh ar charranna a thiomáineann iad féin.

**inacmhainne** *affordable*




## Fíor nó bréagach?

- **D'íoc Garrett Camp €800 ar thacsaí chun dul chuig bainis.**
- **Bhuail smaoineamh é do chomhlacht nua taistil ina dhiaidh sin.**
- **Ní raibh ach aip de dhíth.**
- **Gluaisteáin a thiomáineann iad féin ar fad atá i gceist le *Uber*. Mar sin, tá sé an-saor.**

**Abraigí an leagan ceart má tá bréagach.**

## Aibreán (Aprilis, avril, April)

Chreid na Rómhánaigh gur tháinig an t-ainm *Aprilis* ón mbriathar *aperire*, a chiallaíonn 'oscailt' – ag cur in iúl gur ag an am sin den bhliain a osclaíonn torthaí agus bláthanna iad féin.





## Rabhlóg daoibh!

An dtuigeann sibh an rabhlóg seo?
Déanaigí iarracht í a rá go tapa!

*Bhí an bhean bheag bhocht breoite brúite leis an bhfuacht!*

© Gael Linn

# Mí-ádh!






© Gael Linn




Katie Fleming

© Gael Linn

# Mí-ádh!

**Éistigí leis an scéal á léamh ag an múinteoir agus breathnaígí ar an scéal grafach.**




**Ag obair le chéile ainmnígí**

- dhá chomhartha den hipiteirme
- dhá ábhar tine a bheadh de dhíth
- focal eile sa scéal ar *theach beag*
- fáth lena eagla mhillteanach

# Cé mhéad?

**Gé roimh ghé, gé i ndiaidh gé agus gé idir dhá ghé. Cé mhéad gé é sin?**



# Pobal na bpuball

Le tamall de bhlianta anuas, is fadhb mhór í easpa dídine in Éirinn. Feictear daoine ina luí i bpóirsí siopaí, ar leaca fuara na sráideanna agus le déanaí i bpubaill cois canálach, cois abhann – nó in aon áit ina mbeadh spás a leithéid a chur in airde.

Tuairim is 7,000 duine fásta agus 3,000 páiste a bhíonn gan díon os a gcionn gach bliain in Éirinn. Ní fadhb í. Is scannal é!

©vanita redstar / Shutterstock.com



Toisc gur tháinig stop iomlán le tógáil tithe tar éis loic na mbanc agus fás sa daonra, níl go leor tithe do na daoine atá á lorg. Ní hamháin sin, ach tá praghas na dtithe atá ar fáil i bhfad ró-ard. Níl ach réiteach amháin ann – tuilleadh tithe de gach saghas a thógáil agus iad a dhíol ar phraghsanna réasúnta!

**dídean = foscadh, áit chónaithe**

**leac** *stone slab* **puball** *tent*


**loic = teip**

1 Cén fáth a bhfuil an méid sin daoine gan dídean in Éirinn, dar leat?
2 Dá mbeifeá i do pholaiteoir, conas a leigheasfá an fhadhb seo?



© Gael Linn

## Crosfhocal daoibh! Suim san ealaín



**Trasna**

3 suimiúil (9)
7 ábhar a ndéanann ealaíontóir péintéireacht air (7)
8 gach duine (4)
9 spéis (4)
10 substaint chun dath a chur ar rud (5)
12 bialann bheag (5)
13 áras (10)

**Síos**

1 gléas, fearas (3)
2 cineál breosla (3)
4 difriúil (8)
5 seomra mór ina mbíonn pictiúir ar taispeáint (9)
6 sásamh, sult (9)
8 rud a suíonn duine air (8)
11 péintéireacht, b'fhéidir (6)

**Múinteoir** Dá mbeadh trí úll déag i lámh amháin agat agus fiche oráiste sa lámh eile, cad a bheadh agat?

**Conn** Lámha móra, a mhúinteoir!



## Tráth na gceist

1 Ainmnigh an dara litir in aibítir na Gréige.
2 Cén duine miotasach a d'iompair gasúr ollmhór timpeall leis?
3 Cad iad na dathanna atá ar bhratach na Sualainne?
4 Luaigh an contae lenar imir Jason Sherlock.
5 Má ritheann moncaí, iora rua agus ostrais suas crann cnó cócó, cé acu a thiocfadh ar an mbanana i dtosach?
6 Cén tsiombail cheimiceach atá ag copar?
7 Cad chuige a raibh cáil ar Luciano Pavarotti?

©MarkoRupenaShutterstock.com



8 Fíor nó breagach? D'imir bainisteoir *Liverpool*, Jurgen Klopp, peil go proifisiúnta.
9 Cé méad scannán *Harry Potter* atá ann?
10 Cén grúpa ceoil ina raibh Kurt Cobain agus Dave Grohl le chéile?

**miotasach** *mythical*
**cnó cócó** *coconut*

© Gael Linn

# Rí na hiomána!




Laoch mór spóirt é Henry Shefflin. Le foireann Chontae Chill Chainnigh a bhíodh sé ag imirt. Níl cur síos ná insint scéal ar na héachtaí iontacha ar éirigh leis a dhéanamh ar an bpáirc imeartha. Creid nó ná creid, tá deich mbonn shinsearacha Uile-Éireann buaite aige!

Is é Henry an t-aon imreoir nó bainisteoir iománaíochta a bhfuil pictiúr de crochta i nGailearaí na bPortráidí, i nDánlann Náisiúnta na hÉireann. I measc na bportráidí eile, tá WB Yeats, Ronnie Delaney agus an tUachtarán Máire Mhic Róibín.

**éacht = gníomh gaisce**

- An mó bonn Uile-Éireann atá buaite ag Henry Shefflin?
- Tabhair dhá phíosa eolais eile faoi.

# Cúram madraí



Cara dílis is ea an madra. Go deimhin is deacair teaghlach a shamhlú gan mhadra.

Tá sé costasach madra a choinneáil, áfach. Ní mór bia ceart a chur ar fáil, é a thabhairt chuig an tréidlia más gá agus aire cheart a thabhairt dó. Ba chóir banda aitheantais a chur ar an ainmhí agus ceadúnas a cheannach dó.

Faraor, tá daoine mífhreagracha fós ann a cheannaíonn madra mar bhronntanas do ghasúir. Tar éis tamaill éiríonn siad tuirseach de. Cloisimid faoi mhadraí tréigthe gach uile bhliain, go háirithe, um Nollaig.

**tréidlia** *vet* **banda aitheantais** *identity band*
**mífhreagrach** *irresponsible*

**Scríobhaigí amach na focail atá sna hanagraim seo. Tá gach ceann sa sliocht. Tugaigí focal eile ar na cinn a bhfuil línte fúthu.**

úancedsa rtéidail <u>damra</u>

ímhani <u>eira</u> ág



© Gael Linn